

**Measúnú ar an Chairt Eorpach um Theangacha  
Réigiúnacha nó Mionlaigh – Feidhm na Cairte sa  
Ríocht Aontaithe – 4ú Tuairisc Mhonatóireachta**

- a) Tuairisc Choiste na Saineolaithe ar an Chairt**
- b) Moltaí Choiste na n-Airí de chuid Comhairle na hEorpa ar fheidhmiú na Cairte ag an Ríocht Aontaithe**

**Meán Fómhair 2014**

## **BROLLACH**

D'fhoilsigh Comhairle na hEorpa tuairisc in Eanáir 2014 ar chinneadh Coiste na Saineolaithe ar fheidhm na Cairte Eorpaigh um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh agus Moltaí Choiste na n-Airí de chuid Comhairle na hEorpa ar fheidhmiú na Cairte.

Is coinbhinsiún idirnáisiúnta é an Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, deartha le teangacha réigiúnacha agus mionlaigh a chosaint agus a chur chun cinn. Tháinig an Cairt i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann sa bhliain 2001.

Soláthraíonn sé tacar chuspóirí agus prionsabail a bhaineann leis an Ghaeilge agus leis an Ultais (Páirt 2 den Chairt). Chomh maith leis sin tá gnóthas sonraíoch ann tacú leis an Ghaeilge (Páirt 3 den Chairt), go háirithe i réimse an soláthar oideachais. Is é an chuspóir saraitheach teangacha réigiúnacha agus mionlaigh, mar ghné faoi bhagairt d'oidhreacht chultúrtha na hEorpa, a chosaint agus a chur chun cinn. Is féidir teacht ar chóip den tuairisc ina ionlán tríd an nasc seo a leannas:

[http://www.dcalni.gov.uk/index/language-cultural-diversity-r08/european\\_charter.htm](http://www.dcalni.gov.uk/index/language-cultural-diversity-r08/european_charter.htm)

Tá an roinn s'agam tiomanta lena oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh agus tá tuairisc nuafhoilsithe Comhairle na hEorpa a mheas againn. Is é aidhm an dóiciméid seo achoimre a thabhairt ar ghniomhaíochtaí mo chuid oifigigh faoi mar a chomhlíonann an Roinn a cuid oibleagáidí faoin Chairt.

**JOHN O'DOWD, CTR**

**AIRE OIDEACHAIS**

## Réamhrá

Tá oibleagáidí ar An Roinn Oideachais (RO) faoi pháirt II (Airteagal 7) den Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh agus faoina hairteagail sin de chuid Páirt III (Airteagail 8 agus 10) a bhfuil freagracht ag an RO leo, bíodh sé ina fhreagracht ar léith nó ina chomhfhreagracht le Ranna eile.

Tá caibidlí na tuairisce, a bhaineann le hobair an RO, leagtha amach sna leathanaigh a leannas ( i gcló lodalach trom) chomh maith le freagraí an RO faoina ghníomhaíochtaí atá déanta aici lena cuid oibleagáidí faoin Chairt a chomhlíonadh. Is iad na hoibleagáidí atá roghnaithe ag Rialtas na Ríochta Aontaithe, an lón paragraf agus fopharagraf atá aibhsithe faoi fholíneáil throm.

Má tá tuilleadh eolais de dhíth ort nó más mian leat barúil a noctadadh faoin dóiciméad seo, cur ríomhphost le do thoil chuig [Private.Office@deni.gov.uk](mailto:Private.Office@deni.gov.uk)

### **Caibidil 3: Meastóireacht Choiste na Saineolaithe maidir le páirteanna II agus III den Chairt**

#### **3.1 Meastóireacht maidir le Páirt II den Chairt**

##### **Airteagal 7 – Cuspóirí agus Prionsabail**

###### **Paragraf 1**

***Maidir le teangacha réigiúnacha nó mionlaigh, taobh istigh de na críocha ina n-úsáidtear a leithéid de theangacha agus de réir staide gach teanga, bunófar na páirtithe a gcuid polasaithe, reachtaíochta agus cleachtais ar na cuspóirí agus ar na prionsabail seo a leannas:***

**c. an gá le gníomhú beartaithe le teangacha réigiúnacha nó mionlaigh a chur chun cinn le cosaint a dhéanamh orthu;**

###### **Paragraf Uimhir 39**

###### **Ultais**

***Chomh maith leis an straitéis luaite ag paragraph 35 thuas, tá forbairtí dearfacha déanta don Ultais. Le linn na cuairte tur te, chuaigh an obair atá déanta ag Tha Boord o Ulstèr-Scotch (Gníomhaireacht na hUltaise) le hinghlacthacht agus úsáid na hUltaise sa saol laethiúil a leathnú amach, i bhfeidhm go mór ar Choiste na Saineolaithe. D'aibhsigh ionadaithe an ENR an gá le múinteoirí cáilithe sa dóigh is go mbéitear in ann an Ultais a athbheochan taobh istigh den phobal i gcoitinne i dTuaisceart Éireann.***

###### **Freagair an RO:**

Faoin Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh caithfidh an RO foirmeacha agus modhanna oriúnacha a sholáthar do theagasc agus staidéar na Gaeilge agus na hUltaise ag céimeanna uile cuí. Cuireadh é seo i gcrích tríd an churaclam leasaithe a structúrú lena éascú do mhúinteoirí agus do scoileanna. Tá maoiniú curtha ar fáil ag an RO le háiseanna agus ábhair trí mheán na Gaeilge agus na hUltaise a thairgeadh do mhúinteoirí/scoileanna.

Bronnadh tuairisc ar an RO chomh maith, dár teideal “Teangacha don Todhchaí – Straitéis Teanga Thuaisceart Éireann” ina bhfuil moltaí do theagasc na Gaeilge agus na hUltaise, agus tá muid ag amharc ar na hacmhainní atá ar fáil le feiceáil cén dóigh is fearr le moltaí na tuairisce a thabhairt chun tosaigh maidir le cúrsáí oideachais.

### **3.2. Meastóireacht maidir le Páirt III den Chairt**

Is iad na hoibleagáidí atá roghnaithe ag Rialtas na Ríochta Aontaithe, an lín paragraf agus fopharagraf atá aibhsithe faoi fholíneáil throm.

#### **3.2.3. An Ghaeilge**

**Airteagal 8 – Oideachas**

**Ráiteas Tosaigh**

**Paragraf Uimhir 206, 207, 208**

*Sa tríú tuairisc mheastóireachta, bhí Choiste na Saineolaithe spreagtha faoi chur chuige dearfach na Roinne Oideachais i dTuaisceart Éireann do na moltaí a rinneadh san athbhreithniú ar Oideachas trí mheán na Gaeilge. Bhí Coiste na Saineolaithe ag súil le toradh a bheas ina straitéis comhleanúnach d'oideachas i nGaeilge, trí chéimeanna uile an oideachais agus bearta dearfacha lena chur i bhfeidhm.*

*Níl aon eolas sa cheathrú tuairisc thréimhsíúil maidir leis seo.*

*Le linn na cuairte tur te, dúirt ionadaithe na n-urlabhair gur chuir móran de phobal labhartha na Gaeilge fáilte roimh an athbhreithnithe, mar deis, más teoranta é, cuid de na riachtanais atá ag earnáil na Gaelscolaíochta a réiteach. San am céanna bhí sé ina ábhar imní ag na hurlabhair gur tugadh freagra do roinnt ceisteanna a tháinig aníos san athbhreithniú, ar bhonn chórasach san am idir eatarthu.*

**Freagair an RO:**

Ba é cuspóir an athbhreithnithe a chinntíú go bhfuil tacaíocht iomlán, cuí don Gaelscolaíocht mar bhunchuid den chóras oideachais agus go gcuireann sí le tógáil todhchaí roinnte dár saoránaigh uile bunaithe ar chothromáiocht.

Tá tromlach na moltaí a bhí mar chuid den Athbhreithniú curtha i bhfeidhm, ina iomláine nó go substaintiúil. Is é an staid reatha, ón 24 moltaí, go bhfuil 15 curtha i bhfeidhm, agus seacht gcinn eile ag léiriú dul chun cinn substaintiúil.

Níl ach dhá mholtáí nach bhfuil dul chun cinn suntasach déanta orthu. Baineann siad seo le forbairt an bhunoideachas trí Ghaeilge, trí mhúnla cónaschta. Le himeacht aimsire bhí oideoirí in ann dea-chleachtas a fhorbairt agus a roinnt ar fud an t-soláthair bhunoideachas Ghaeilge trí structúir nach raibh chomh foirmeálta leis an mhúnla cónaschta mar a shamhláodh san athbhreithniú ar an chéaduair. Tá rath ar an chur chuige seo maidir le cuspóir an athbhreithnithe le bunoideachas lán-Ghaeilge inmharthana a chruthú agus a chothabháil.

Tá feidhmiú leanúnach na moltaí ag cur go mór i gcónaí le rathúlacht agus le beogacht earnáil na Gaelscolaíochta, ag céimeanna réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile.

### **Paragraf 1**

**Maidir leis an oideachas, glacann na Páirtithe, mar chúram orthu féin, taobh istigh de na críocha ina n-úsáidtear a leithéid de theangacha, de réir staide gach teanga acu seo, agus gan chlaontacht a léiriú do theagasc teanga(cha) oifigiúil an Stáit:**

#### **Oideachas réamhscoile**

**a / le hoideachas réamhscoile a chur ar fáil sna teangacha réigiúnacha nó mionlaigh cuí; nó**

**ii cuid shubstaintiúil d'oideachas réamhscoile a cur ar fáil sna teangacha réigiúnacha nó mionlaigh; nó**

**iii cur chuige amháin den mhéid atá leagtha amach faoi i agus ii thuas a chur i bhfeidhm, ar a laghad, do na daltaí sin ar mhian lena dteaghlaigh é agus lena mheastar gur leor líon na ndaltaí;**

#### **Paragraf Uimhir 209, 210, 211**

Sa tríú tuairisc mheastóireachta, mheas Coiste na Saineolaithe an chúram a bheith comhlíonta i bpáirt agus mhol siad do na húdaráis iarracht a dhéanamh le soláthar an oideachas réamhscolaíocht Ghaeilge a fheabhsú.

Níl aon eolas sa cheathrú tuairisc thréimhsíúil maidir leis an chúram seo. Le linn na cuairte tur te tharraing ionadaithe na gcainteoirí Ghaeilge aird ar chás gur dhiúltaiodh bunadh réamhscoil Ghaeilge de bharr áiteanna a bheith ar fáil i réamhscoileanna Bhéarla.

Mar thoradh ar seo, measann Coiste na Saineolaithe go bhfuil baic ann i gcónaí a chuireann isteach ar leorofrál oideachas réamhscolaíocht Ghaeilge agus nach bhfuil an cúram seo comhlíonta ach i bpáirt.

#### **Freagair an RO:**

Mar seo a leannas atá moladh 2 den athbhreithniú ar oideachas trí mheán na Gaeilge:

Ba chóir go ndéanfar athbhreithiú ar an pholasaí reatha ar sholáthar maoinithe réamhscoile, i bhfianaise teaglaim uathúil na n-oibleagáidí a eascraíonn ón Chairt

Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, buntáistí aitheanta an oideachas réamhscolaíochta agus an dualgas reachtúil leis an Ghaeloideachas a spreagadh agus a eascú, le cead a thabhairt do sholáthróirí claraithe Gaeloideachas a bhfuil go leor páistí acu, dul isteach ar an chlár maoinithe reatha, go fiú má tá spásanna leis an soláthar trí mheán an Bhéarla ar fáil sa cheantar.

Glac an t-Aire deireanach Oideachais leis an mholadh seo agus cuireadh i bhfeidhm ina ionláine é i gcomaoin na moltaí forbartha maidir le soláthar réamhscolaíochta Ghaeilge ó 2009.

Sa bhliain 1998 bhí 192 áit réamhscoile Ghaeilge maoinithe, a bhí uile i gceachtar den dá earnáil, príobháideach na deonach. Faoi am foilseacháin an athbhreithnithe ar an Ghaeloideachas i 2009, ardaíodh an uimhir seo do 558, bhí 123 acu seo san earnáil reachtúil.

Ó 2009 i léith tá 9 naíscoil Ghaeilge faofa. Tá lion na bpáistí atá ag freastail ar sholáthar réamhscoile reachtúil Ghaeilge méadaithe ó 122 i 2008/09 go 338 i 2013/14. Leiríonn na figiúir is deireanaí do 2013/14 go bhfreastlaíonn 805 páistí ar sholáthar maoinithe réamhscolaíochta Ghaeilge, 338 den lín sin a bhí san earnáil reachtúil. Níl an RO ar an eolas faoin suíomh réamhscoile atá luate i bparagraf 210 thuas. B'fhianaise starógach é seo, bailithe ag Coiste na Saineolaithe.

Tríd an Bhord Sláinte agus Cúram Soisialta (HSCB) tá post speisialtóra sna luathbhlianta Ghaelige, le hAltram, á maoliniú i bpáirt ag an RO, le tacaíocht speisialtóra a sholáthar d'earnáil an Ghaeloideachais i gcomhair le 'Sure Start' agus d'earnáil na luathbhlianta i gcoitinne, le díriú ar:

- Cheisteanna a bhaineann le baic ar inrochtaineacht maidir leis an Chlár Forbartha d'aoiseanna 2 - 3; agus
- Caighdeán na seirbhíse taobh istigh den réimse níos leithne de chláracha luathbhlianta.

Mar chuid d'fhorbairt an chláir 'Sure Start' d'aoiseanna 2 – 3, bhí sé luate go háirithe gur chóir go n-éascófar na tionscadail cursaí Gaeilge más féidir. Tá roinnt mhaith de sheisiúin an chláir d'aoiseanna 2 – 3 anois á éascú trí mheán na Gaeilge. Sa bhliain 2013/14, an bliain deireanach den trí bhliain maoinithe aontaithe, thug an RO £22,000, atá mar leath de mhaoiniú an phoist leis an chuid eile á sholáthar ag an HSCB tríd Chiste Forbartha na Luathbhlianta.

Tá an RO ag obair faoi láthair le Comhairle na Gaelscolaíochta agus le hAltram le tionscadal taighde a thabhairt chun tosaigh ar thorthaí oideachasúil na réamhscolaíochta Ghaeilge mar atá leagtha amach in athbhreithniú an Ghaeloideachais agus cuimsithe mar ghniomh sa chreat Foghlaim chun Foghlama. Táthar ag súil le go gcríochnófar an tionscadal i Samhradh na bliana seo 2014.

Chomh maith leis sin, tá gníomh eile de chuid Foghlaim chun Foghlama á chur i bhfeidhm ag an RO, rud a chrúthóidh roinnt braisle tacaíochta píolótach d'oideachas luathbhlianta le caighdeán a ardú trí úsáid níos fearr a bhaint as saineolas múinteoirreachta i naíscoileanna agus in aonaid, i scoileanna speisialta, saineolas trí sholáthróirí eile ábhartha agus speisialtóirí luathbhlianta. Tá sé beartaithe go mbeidh ceann amháin de na braisle thírithe go sonrach ar an Ghaeloideachas.

Sna blianta 2009/10 agus 2010/11 thug an RO maoiniú d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm an 'Teastas i dTumoideachais Ghaeilge: Luath Blianta', faoi cheannas Altram. Cúrsa traenála é seo do chleachtóirí luathbhlianta an Ghaeloideachais a bhfuil sé mar aidhm aige a gcuid inniúlacht teanga agus tuiscint ar ábhair agus ar thimpeallacht a fheabhsú, le go mbeidh siad in ann seachadadh mar a ba chóir do pháistí atá ag foghlaim an dara teanga i suíomh tumtha. Tá an chúrsa teastais seo creidiúnaithe ag Ollscoil Uladh. Tagann ábhair an chúrsa agus lámhleabhar an cheannaire faoi dheontas an RO chomh maith.

### Oideachas bunscoile

- B / le hoideachas bunscoile a chur ar fáil sna teangacha réigiúnacha nó mionlaigh cuí; nó**  
**i/ cuid shubstaintiúil d'oideachas bunscoile a cur ar fáil sna teangacha réigiúnacha nó mionlaigh; nó**  
**iii le soláthar a dhéanamh leis na teangacha réigiúnacha nó mionlaigh cuí a theagasc mar bhun chuid den churaclam, taobh istigh d'oideachas bunscoile; nó**  
**iv cur chuige amháin den mhéid atá leagtha amach faci / go iii thusa a chur i bhfeidhm, ar a laghad, do na daltaí sin ar mhian lena dteaghlaigh é agus lena mheastar gur leor líon na ndaltaí;**

### Paragraf Uimhir 212

*Sa tríú tuairisc mheastóireachta, mheas Choiste na Saineolaithe an chúram seo a bheith comhlíonta, ach go raibh gá le pleánail straitéisearch d'fhás fortheilgthe ráchairte, agus i go leor cásanna, gníomhiú go prainneach leis an bhonneagar a fheabhsú, a chuimsíonn leithdháileadh airgid agus soláthar riachtanais speisialta oideachais a fhorbairt don bhunoideachas Ghaeilge.*

### Freagair an RO:

Lena gealltanás a chomhlíonadh le héascú agus le spreagadh agus ar mhaithé le pleanáil go straitéiseach d'fhás fortheilgthe ráchairte, ó 2009 tá £8m caite ag an RO maidir le infheistíocht chaipítíl sa Ghaeloideachas.

Chomh maith leis sin, tionscadail nua scoile in earnáil na Gaelscolaíochta a d'fhógair an t-Aire ar 25 Meitheamh 2012, Coláiste Feirste (lar-bhunscoil neamhspleách lán-Ghaeilge-costas measta £11.9m) agus ar an 22 Eanáir 2013, Bunscoil Bheann Mhadagáin (Bunscoil neamhspleách lán-Ghaeilge-costas measta £3.8m). Cuiréadadh dhá thionscadail eile Lán-Ghaeilge san áireamh i bhfógra an Aire.

Chomh maith leis sin, ó bhunaíodh é sa bhliain 2010, d'úsáideadh breis agus £1.5m den roinnt sa Chiste Cóiriúchta le cuidiú le soláthar cóiriúchta do bhunscoileanna Lán-Ghaeilge nach bhfuil dílsithe go fóill isteach san eastat scoile, agus nach bhfuil, mar sin, i dteideal infheistíocht chaipítíl.

Tá an RO tiomanta ar fad leanstan ar aghaidh de bheith ag obair le hearnáil na Gaelscolaíochta le caighdeán an soláthar riachtanais speisialta oideachais a fheabhsú lena chur ar chumas gach duine óg a poitéinsiúil a chomhlíonadh ag gach céim dá gcuid forbairt.

Tá maoiniú de £525,000 curtha ar fáil ag an RO thar na ceithre bliana deireanacha (2010/11 – 2013/14) le tacaíocht a thabhairt d'obair le haitheantas measúnú agus soláthar ar riachtanais speisialta oideachais a neartú i nGaelscoileanna.

Tá roinnt mhaith torthaí dearfacha i ndiaidh teacht ón obair seo, a chuimsíonn:

- Muinín agus eolas na comhordaitheoirí riachtanais speisialta oideachais (SENCOs) agus múinteoirí in earnáil na Gaelscolaíochta a fhorbairt maidir leis an chód cleachtais ar aitheantas agus measúnú ar riachtanais speisialta oideachais trí SENCO agus trí chláir oiliúna múinteoirí;
- Muinín agus eolas na príomhoidí agus bainistíocht shinsearach in earnáil na Gaelscolaíochta a fhorbairt maidir leis an chód cleachtais trí thraenáil do phríomhoidí agus don bhainistíocht shinsearach;
- Muinín agus eolas na príomhoidí agus na múinteoirí in earnáil na Gaelscolaíochta a fhorbairt maidir le bheith ag obair le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu, i gcomhthéacs sonrach an tumoideachais, trí fhorbairt ar chomhad acmhainne do riachtanais speisialta oideachais don Ghaeilge;
- Uirlisí churaclaim agus measúnaithe a fhorbairt (trí Ghaeilge), a bhaineann le huimhearthacht agus le litearthacht, d'earnáil na Gaelscolaíochta le tacú leis an luathaitheantas agus idirghabháil do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu agus monatóireacht ar dhul chun cinn na ndaltaí;

- Réimsí dea-chleachtais a aithint maidir le riachtanais speisialta oideachais in earnáil na Gaelscolaíochta trí tháirgeadh chás-staidéar agus chraobhscaoileadh d'earnáil na Gaelscolaíochta;
- Leagan Ghaeilge Cúige Uladh de chuid 'Progress in Maths' a fhoilsiú do gach Gaelscoil.

Tá fianaise ann chomh maith ó chigireachtaí scoile go bhfuil an clár tógála acmhainne riachtanais speisialta oideachais i ndiaidh toradh feabhas suntasach a spreagadh in earnáil na Gaelscolaíochta, lena n-áirítear feasacht mhéadaithe maidir le ceisteanna riachtanais oideachais speisialta agus eolas feabhsaithe i measc cleachtóirí agus SENCOs.

Chomh maith leis sin, tágraíonn an tuairisc is déanaí Phríomh-Chigire (2010 – 2012) go sonrach do SENCOs Lán-Ghaeilge ag déanamh roinnte ar an dea-chleachtais, lena n-áirítear cuir chuige níos éifeachtaí aithint agus idirgabhálacha luath.

### **Paragraf Uimhir 213**

**Níl aon eolas curtha ar fáil ag na húdaráis sa cheathrú tuairisc thréimhsíúil. Tharraing ionadaithe na gcainteoirí aird ar an fhíric go bhfuil said den bharúil nár chuireadh i bhfeidhm na forbairtí is gá le hoideachas Lán-Ghaeilge a chur chun cinn, mar atá faoin athbhreithniú i 2009 agus go raibh gá go fóill le hacmhainní cuí, oiliúint agus maoiniú.**

### **Freagair an RO:**

Tá an chuid is mó de na moltaí ón athbhreithniú i 2009 a bhaineann le acmhainní cuí, oiliúint agus maoiniú curtha i bhfeidhm. Leanann cur i bhfeidhm leanúnach an athbhreithnithe 2009 de bheith ag cur go mór le beocht agus le rath na hearnála Gaelscolaíochta ag céim bunscoile. Tá sé seo le sonrú sna staitisticí Daonáireamh Scoile Thuaisceart Éireann. Sa bhliain 2008/09 bhí 2,729 páistí in earnáil na bunscoile Ghaeilge agus faoin bhliain 2012/13 bhí fás 12% tagtha ar seo go 3,055. Léiríonn figíúirí don bhliain 2013/14 go bhfuil fás luathaitheach agus seasann sé ag 3,256 nó 19% os cionn líon na ndaltaí bunscoile mar a bhí sa bhliain 2008/09.

Chinntigh an RO soláthar de leagan Gaeilge de na huirlísí reachtúla measúnú diagnóiseach ríomhaire-bhunaithe sa mhatamaitic agus chomh maith leis sin, forbairt na n-uirlisí saincheaptha chun measúnú diagnóiseach na litearthachta i nGaeilge.

Is é cuspóir an athbhreithnithe a chinntíú go bhfaigheann an Ghaeloideachas an tacaíocht iomlán cuí mar chuid lárnach den chóras oideachais agus a chuireann le tógáil todhchaí roinnte dár gcuid saoránaigh uile atá bunaithe ar chomhionannas.

Tá an chuid is mó de na moltaí atá san Athbhreithniú curtha i bhfeidhm go hiomlán nó go substaintiúil. Is é an seasamh atá ann faoi láthair leis an 24 Moltaí, go bhfuil 15 curtha i bhfeidhm, le seacht gcinn eile a léiríonn dul chun cinn suntasach.

Níl ach dhá mholadh nach ndearnadh dul chun cinn suntasach leo. Baineann siad seo le forbairt an Bhunoideachais Lán-Ghaeilge trí Samhail Chónaidhm. De réir a chéile, tá oideoirí in ann chun dea-chleachtas a fhorbairt agus a roinnt ar fud soláthar bunscolaíochta Gaeilge trí struchtúir nach bhfuil chomh foirmiúil céanna leis an Samhail Cónaidhm mar a samhláiodh ar dtús san Athbhreithniú. Tá an cur chuige seo ag oibriú amach go rathúil i dtéarmaí cuspóir an Athbhreithnithe le hOideachas inbhuanaithe Lán-Ghaeilge Bunscoile a chruthú agus a chothabháil.

Leanann cur i bhfeidhm leanúnach na moltaí de bheith ag cur go mór le beocht agus rath na hearnála Gaelscolaíochta ag céimeanna réamhscoile, bunscoile agus iarbunscoile.

#### **Paragraf Uimhir 214**

**I bhfianaise an easpa eolais ó na húdaráis agus na ráitis chriticiúla ó ionadaithe na gcainteoirí, níl Coiste na Saineolaithe in ann a chur i gcrích maidir le comhlíonadh an gealltanás seo. Molann sí do na húdaráis céimeanna nithiúla a ghlacadh ionas gur féidir leis an fhás san éileamh a shásamh agus chun tuairisc a thabhairt ar an staid sa chéad tuairisc thréimhisiúil eile.**

#### **Freagair an RO:**

Tá an chuid is mó de na moltaí in athbhreithniú 2009 a bhaineann le hacmhainní cuí, oiliúint agus maoiniú curtha i bhfeidhm. Leanann cur i bhfeidhm leanúnach an athbhreithnithe 2009 le bheith ag cur go mór le beocht agus rath na hearnála Gaelscolaíochta ag céim bunscoile. Tá sé seo le sonrú sna staitisticí Daonáireamh Scoile Tuaisceart Éireann. Sa bhliain 2008/09 bhí 2,729 páistí in earnáil na bunscoile Ghaeilge agus faoin bhliain 2012/13 bhí fás 12% tagtha ar seo go 3,055. Léiríonn figiúirí don bhliain 2013/14 go bhfuil fás luathaitheach agus seasann sé ag 3,256 nó 19% os cionn líníon na ndaltaí bunscoile mar a bhí sa bhliain 2008/09. Is iad seo na figiúirí fáis is airde d'aon earnáil i dtuaisceart na hÉireann. Léiríonn fianaise an Daonáirimh Scoile go bhfuil an bhunoideachas Gaeilge anois i rocht i bhfad níos láidre ná ag am an triú thuairisc mheastóireachta nuair a mheas Coiste na Saineolaithe go raibh an gealltanás comhlíonta.

## Oideachas Meánscoile

- C i oideachais meánscoile a chur ar fáil sna teangacha réigiúnacha nó mionlaigh ábhartha; nó
- ii cuid shubstaíntíúil d'oideachas meánscoile a cur ar fáil sna teangacha réigiúnacha nó mionlaigh; nó
- iii le soláthar a dhéanamh leis na teangacha réigiúnacha nó mionlaigh cuí a theagasc mar bhun chuid den churaclam, taobh istigh d'oideachas meánscoile; nó
- iv cur chuige amháin den mhéid atá leagtha amach faoi *iii* thus a chur i bhfeidhm, ar a laghad, do na daltaí sin ar mhian lena dteaghlaigh é agus lena mheastar gur leor líon na ndaltaí;

## Paragraf Uimhir 215

Sa tríú tuairisc mheastóireachta, mheas Coiste na Saineolaithe an gealltanás a bheith comhlíonta i bpáirt, i bhfianaise an fhíric go raibh i gcásanna áirithe ganntanas soláthar chun freastal ar an éileamh.

Nótaí Tráchta an RO:

Leanann an Chomhairle um Churaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaíthe (CCEA) a lorg scrúdaitheoirí / marcóirí Lán-Ghaeilge, ach is léir gur dúshlánach an rud é teacht ar phearsanra a bhfuil go leor saineolais Gaeilge acu.

Leanann Oifigigh ar an idirchaidreamh lena gcomhghleacaithe sa deisceart ar an ábhar seo. Tá an tAire i ndiaidh tacáiocht a lorg ón Aire Oideachais agus Scileanna sa deisceart le haghaidh comhoibriú idir CCEA agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS). Tá CCEA ag leanúint chomh maith de bheith ag obair le Coimisiún na Scrúduithe Stáit sa deisceart ar earcú agus coinneáil scrúdaitheoirí Gaeilge. Chomh maith leis sin tá CCEA ag gabháil i dteagmháil le daltaí sa 4ú bliain ag críochnú céim teagaisc Lán-Ghaeilge lena gcuid sonraí a réamh-chláirú mar scrúdaitheoirí. Tá feachtas earcaíochta faoi lán seoil maidir le sraith scrúduithe an tsamhraidh 2014.

Aithníonn an tAire Oideachais go bhfuil bearna i bhforbairt straitéiseach an tsoláthair iar-bhunscoile Gaeilge sa tuaisceart faoi láthair.

Le dul i ngleic leis an bhearna seo, bhunaigh an tAire Oideachais Grúpa Comhairleach leis an cheist seo a mheas agus chun comhairle a thabhairt dó maidir le roghanna don bhealach chun tosaigh. Tá an tAire i ndiaidh a thabhairt de chúram ar an Ghrúpa Comhairleach chun breathnú go mion ar an dóigh le hoideachas iar-bhunscoile Gaeilge inmharthana agus inbhuanaithe atá ar ardchaighdeán a sheachadadh, a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaltaí agus dtig le tuismitheoirí muinín a bheith acu as. Thug an grúpa a thuairisc deiridh agus moltaí don Aire ar an 28ú Aibreán 2014.

D'fhreastail an tAire Oideachais ar an chéad chruinniú den Ghrúpa agus ó shin, tháinig an Grúpa le chéile ar 14 ócáid. Bhí cruinnithe fairsing ag an Ghrúpa chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear tuismitheoirí agus ionadaithe Scoile.

Cuireadh athbhreithniú neamhspleách ar an Scéim Choiteann Mhaoinithe, a chinneann an dóigh le cistí a leithdháileadh ar scoileanna, i gcrích in 2013. I ndiaidh comhairliúchán poiblí, chinn an tAire Oideachais ar roinnt athruithe a dhéanamh ar an Scéim. Ina measc seo tá méadú ar an fhachtóir Tacaíocht Churaclaim Gaeoideachais d'larbhunscoileanna agus d'Aonaid ó 0.014 go 0.2 den Aonad Dalta Aois luach ualaithe airgid le héifeacht ón bhliain airgeadais 2014-15.

Le linn an phróisis chomhairliúcháin, rinneadh pointí mar gheall ar an ghá atá le méadú ar thacaíocht chun cuidiú le lar-bhunscoileanna Lán-Ghaeilge agus le hAonaid an Churaclaim a sheachadadh.

Tá polasaí churaclaim an RO ag an leibhéal iar-bhunscoile le tacaíocht ón Chreat Teidlíochta (CT), ag chur chun cinn an iliomad bealaí chun staidéir bréise, oiliúint nó fostáiocht a dhéanamh trí chur ar chumas daltaí teacht ar réimse leathan ábhar laistigh de réimse an phobail foghlama. Níl an cumas céanna ag an CT chun freastal ar dhaltaí i suímh nGaeliscoileanna agus atá acu freastail orthu siúd i suímh an Bhéarla agus, dá bhrí sin, bíonn dúshlán níos mó ag na hIar-Bhunscoileanna Lán-Ghaeilge seachadadh ar réimse leathan de chúrsaí. Níl go leor maoiniú ar fáil le soláthar a dhéanamh ar na hábhair teagaisc is gá leis an churaclaim a mhúineadh. Mar aitheantas go bhfuil dúshlán ilgħnēitheach roimh na scoileanna seo, chinn an tAire, cé go bhfuil na tosca uile tacaíochta Lán-Ghaeilge eile le fanacht díreach mar atá siad faoi láthair, go mbeidh an tacaíocht churaclaim do na hIar-bhunscoileanna Gaeilge le méadú chun cuidiú le haonaid freastal ar riachtanais a gcuid daltaí.

### ***Paragraf Uimhir 216***

***Níor cuireadh aon eolas ar fáil ag na húdaráis sa cheathrú tuairisc thréimhsíúil. Le linn na cuairte tur te chuir na heagraíochtaí Gaeilge a gcuid imní in iúl go raibh drogall laistigh den Roinn Oideachais leis an oideachas Lán-Ghaeilge a***

**spreagadh agus a éascú, go háirithe ag an dara leibhéal, ar shlí a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le níos mó Gaelscoileanna neamhspleácha a chruthú.**

### **Freagair an RO:**

Leanann cur i bhfeidhm leanúnach an athbhreithnithe 2009 chun cur go mór le beocht agus le rath na hearnála Gaelscolaíochta ag céim iar-bhunscoile. Tá sé seo le sonrú i staitisticí daonáirimh Scoile Thuaisceart Éireann:

Sa bhliain 2008/09 bhí 645 dalta san earnáil Iar-Bhunscoile Gaeilge agus faoin bhliain 2012/13 bhí fás 19% tagtha ar seo go dtí 769. Léiríonn figiúirí don bhliain 2013/14 go bhfuil fás luasghéartha tagtha agus seasann sé ag 831 nó 29% os cionn an fhigiúr do 2008/09 ar líon daltaí na hIar-bhunscoile Ghaeilge. Baineann an chuid is mó den mhéadú leis na hAonaid Lán-Ghaeilge Iar-bunscoile ina d'ardaigh líon na ndaltaí ó 132 in 2008/09 go 228 sa daonáireamh 2012/13 agus 267 sna figiúirí don daonáireamh 2013/14. Tá fianaise seo an daonáirimh scoile ag teacht le comhlíonadh dualgais an RO chun Gaeloideachas a éascú agus a spreagadh agus ag freagairt do rogha thuismitheoirí.

Lena gealltanás a chomhlíonadh le héascú agus le spreagadh agus ar mhaithle le pleanáil go straitéiseach d'fhás fortheilgthe ráchairte, ó 2009 tá £8m caite ag an RO maidir le infheistíocht chaipitil sa Gaeloideachas.

Chomh maith leis sin, tionscadail nua scoile in earnáil na Gaelscolaíochta a d'fhógair an t-Aire ar 25 Meitheamh 2012, Coláiste Feirste (Iar-bhunscoil neamhspleách Ián-Ghaeilge-costas measta £11.9m)

agus ar an 22 Eanáir 2013, Bunscoil Bheann Mhadagáin (Bunscoil neamhspleách Ián-Ghaeilge-costas measta £3.8m). Cuireadh dhá thionscadail eile Ián-Ghaeilge san áireamh i bhfógra an Aire.

Is é cuspóir an athbhreithnithe a chinntíú go bhfaigheann an Gaeloideachas an tacáiocht ionmlán cuí mar chuid lárnach den chóras oideachais agus a chuireann le tógáil todhchaí roinnte dár gcuid saoránaigh uile atá bunaithe ar chomhionannas.

Tá an chuid is mó de na moltaí atá san Athbhreithniú curtha i bhfeidhm go hiomlán nó go substaintiúil. Is é an seasamh atá ann faoi láthair leis an 24 Moltaí, go bhfuil 15 curtha i bhfeidhm, le seacht gcinn eile a léiríonn dul chun cinn suntasach.

Níl ach dhá mholadh nach ndearnadh dul chun cinn suntasach leo. Baineann siad seo le forbairt an Bhunoideachais Ián-Ghaeilge trí Samhail Chónaídhm. De réir a chéile, tá oideoiri in ann chun dea-chleachtas a forbairt agus a roinnt ar fud soláthar bunscolaíochta Gaeilge trí struchtúir nach bhfuil chomh foirmiúil céanna leis an Samhail Cónaídhm mar a samhlaíodh ar dtús san Athbhreithniú. Tá an cur chuige

seo ag oibriú amach go rathúil i dtéarmaí cuspóir an Athbhreithnithe le hOideachas inbhuanaithe Lán-Ghaeilge Bunscoile a chruthú agus a chothabháil.

Leanann cur i bhfeidhm leanúnach na moltaí de bheith ag cur go mór le beocht agus rath na hearnála Gaelscolaíochta ag céimeanna réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile. Leanann an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA) a lorg scrúdaitheoirí / marcóirí Lán-Ghaeilge, ach is léir gur dúshlánach an rud é teacht ar phearsanra a bhfuil go leor saineolais Gaeilge acu.

Leanann Oifigigh ar an idirchaidreamh lena gcomhghleacaithe sa deisceart ar an ábhar seo. Tá an tAire i ndiaidh tacaíocht a lorg ón Aire Oideachais agus Scileanna sa deisceart le haghaidh comhoibriú idir CCEA agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS). Tá CCEA ag leanúint chomh maith de bheith ag obair le Coimisiún na Scrúduithe Stáit sa deisceart ar earcú agus coinneál scrúdaitheoirí Gaeilge. Chomh maith leis sin tá CCEA ag gabháil i dteagmháil le daltaí sa 4ú bliain ag críochnú céim teagaisc Lán-Ghaeilge lena gcuid sonraí a réamh-chláráú mar scrúdaitheoirí. Tá feachtas earcaíochta faoi lán seoil maidir le sraith scrúduithe an tsamhraidh 2014.

Aithníonn an tAire Oideachais go bhfuil bearna i bhforbairt straitéiseach an tsoláthair iar-bhunscoile Gaeilge sa tuaisceart faoi láthair.

Le dul i ngleic leis an bhearna seo, bhunaigh an tAire Oideachais Grúpa Comhairleach leis an cheist seo a mheas agus chun comhairle a thabhairt dó maidir le roghanna don bhealach chun tosaigh. Tá an tAire i ndiaidh a thabhairt de chúram ar an Ghrúpa Comhairleach chun breathnú go mion ar an dóigh le hoideachas iar-bhunscoile Gaeilge inmharthana agus inbhuanaithe atá ar ardchaighdeán a sheachadadh, a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaltaí agus dtig le tuismitheoirí muinín a bheith acu as. Thug an grúpa a thuairisc deiridh agus moltaí don Aire ar an 28ú Aibreán 2014.

D'fhreastail an tAire Oideachais ar an chéad chruinniú den Ghrúpa agus ó shin, tháinig an Grúpa le chéile ar 14 ócáid. Bhí cruinnithe fairsing ag an Ghrúpa chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear tuismitheoirí agus ionadaithe Scoile.

### **Paragraf Uimhir 217**

***Ina theannta sin, dheimhnigh na heagraíochtaí Gaeilge ar an easpa ábhair teagaisc leordhóthanach agus ar an ghanntanas múinteoirí cáilithe mar dhúshlán athfhillteach a bheidh le comhlíonadh ag na húdaráis agus na ENRaí ábhartha.***

**Freagair an RO:**

Á leagan síos na figiúirí iontógáil tosaigh do na Forais Ardoideachais do na blianta acadúla 2013/14 agus 2014/15 chinneadh an RO nach mór áiteanna oiliúna 46 múinteoirí a chur ar leataobh d'earnáil na Gaelscolaíochta.

Tá 8 gcinn de na háiteanna seo sna Cúrsaí TICO lar-Bhunscoile (4 ag Ollscoil na Banríona agus 4 ag an Ollscoil Uladh). An 38 gcinn atá fágtha tá said sa BOid Bunscoile (18) agus TICO Bunscoileanna (20) an dá cheann acu atá seachadta ag Coláiste Ollscoile Naomh Mhuire.

Cé go bhfuil na figiúirí foriomlána iontógáil OTM a laghdú de 32% ón bhliain 2005/06 Tháinig méadú ar iontógálacha earnáil na Gaelscolaíochta de 109%, ón mbliain 2007/08.

Gach bliain tugann an RO tuairisceán folúntais múinteora chun cuidiú leis an éileamh ar mhúinteoirí. Féachann an toradh faisinéis maidir le lón na bhfolúntas a lónadh ar dháta atá socruithe i mí na Samhna gach bliain, agus cuireann sé sonraí ar na folúntais atá go fóill le lónadh. Ar fud an tuaiscirt ní raibh ach phost amháin múinteoreachta buan le lónadh in earnáil na Gaelscolaíochta ag Samhain 2013. Ba phost Príomhoide é seo, in earnáil na bunscoile.

Tá clár tacaíochta cuimsitheach agus leanúnach Gaelscolaíochta i bhfeidhm ag an Chomhairle um Churaclaim, Scrúduithe agus Measúnaíthe (CCEA) a chuireann acmhainní oideachais ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí.

Faoi Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh caithfidh an RO foirmeacha agus modhanna oriúnacha a sholáthar do theagasc agus staidéar na Gaeilge agus na hUltaise ag céimeanna uile cuí. Cuireadh é seo i gcrích tríd an churaclam leasaithe a structúrú lena éascú do mhúinteoirí agus do scoileanna. Tá maoiniú curtha ar fáil ag an RO le háiseanna agus ábhair trí mheán na Gaeilge agus na hUltaise a thairgeadh do mhúinteoirí/scoileanna.

Bronnadh tuairisc ar an RO chomh maith, dár teideal "Teangacha don Todhchaí – Straitéis Teanga Thuaisceart Éireann" ina bhfuil moltaí do theagasc na Gaeilge agus na hUltaise, agus tá muid ag amharc ar na hacmhainní atá ar fáil le feiceáil cén dóigh is fearr le moltaí na tuairisce a thabhairt chun tosaigh maidir le cúrsai oideachais.

### ***Paragraf Uimhir 218***

***Fuair Coiste na Saineolaithe eolas chomh maith, maidir leis an chás athbhreithnithe rathúil breithiúnach a bhaineann le hiompar go dtí an Mheánscoil Gaeilge, Coláiste Feirste, arna dtionscnamh i gcoinne na Roinne Oideachais gur dhiúltaigh chun iompar scoile saor in aisce a chur ar fáil. In***

*ainneoin gur bhain siad an cás, áfach, tá Coláiste Feirste ag fulaingt go fóill ó easpa iompair scoile saor in aisce.*

#### **Freagair an RO:**

Dalta ar bith a bhí ag freastal ar Choláiste Feirste agus a bhí incháilithe faoi pholasaí iompair scoile an RO, bhí cuidiú le haghaidh iompair curtha ar fáil dóibh. Bhí na daltaí dá dtagraítear sa chás athbhreithniú ag an Ard-Chúirt á iompar chuig an scoil ar an bhus roimh an cás á éisteacht agus iompróidh an costas ag a Bhord Oideachais agus Leabharlainne.

Ní ghá go mbíonn daltaí atá incháilithe faoin reachtaíocht i dtelideal “iompar scoile saor in aisce” ach go soláthraítear cuidiú don iompar dóibh. Is féidir leis an cuidiú a bheith i bhfoirm suíochán ar bhus nó ar fheithicil eile, ach is féidir go gciallaíonn se go bhfuil liúntas airgid ar fáil in ionad an iompair. Ina theannta sin, is féidir le go mbíonn ar thuismitheoirí na ndaltaí incháilithe a bheith cur le turas a bpáiste suas go dtí, ach gan dul thar, an critéar achar ábhartha. Faoi láthair, faigheann na daltaí incháilithe atá ag freastal ar Choláiste Feirste cuidiú leis an iompar – leis an mhórchuid acu ag taisteach ar bhusanna atá maoinithe ag an RO trí na Boird Oideachais agus Leabharlainne.

#### **Paragraf Uimhir 219**

*Tá sé de thuairim deiridh ag Coiste na Saineolaithe go bhfuil an chúram a chomhlíonadh go páirteach agus molann siad de na húdaráis staid an Mheánoideachais Gaelscolaíochta a neartú, lena n-áirítear iompar scoile saor in aisce a chur ar fáil.*

#### **Freagair an RO**

Ina fhreagra ar an athbhreithniú ar bhreithiúnas na hArd-Chúirte thug an RO pacáiste feabhsaithe beart isteach ón 1 Meán Fómhair 2013, i gcás iad siúd atá ina gcónaí i bhfad ón scoil, lena n-áirítear iompair a bheidh ainmnithe ar thrí bhealach. Tá sé seo ar feadh tréimhse trialach de dhá bhliain. Leanann leis an chuidiú atá ar fáil ag gach dalta incháilithe eile Gaelscolaíochta le cúrsaí iompair, agus é seo ag teacht le ciorclán 1996/41 de chuid an RO, iad siúd atá ina gcónaí i bhfad ar shiúil agus gan a bheith ar bhealach iompair, faigheann siad tacaíocht feabhsaithe, atá go sonrach le hearnáil na Gaelscolaíochta.

Ina theannta tá Athbhreithniú Neamhspleách ar an Scéime Iompair Baile go Scoil, don chéad uair ar feadh 17 bliain, a thosaigh ag túis mhí na Nollag 2013 agus tá sé le tuairisciú ar na torthaí fá mhí Mheán Fómhair 2014. Tá an lompar do scoileanna

Lán-Ghaeilge luaite go sonrach sna Téarmaí Tagartha agus beidh sé seo a mheas laistigh den Athbhreithniú.

Leanann an Chomhairle um Churaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA) a lorg scrúdaitheoirí / marcóirí Lán-Ghaeilge, ach is léir gur dúshlánach an rud é teacht ar phearsanra a bhfuil go leor saineolais Gaeilge acu.

Leanann Oifigigh ar an idirchaidreamh lena gcomhghleacaithe sa deisceart ar an ábhar seo. Tá an tAire i ndiaidh tacaíocht a lorg ón Aire Oideachais agus Scileanna sa deisceart le haghaidh comhoibriú idir CCEA agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS).

Tá CCEA ag leanúint chomh maith de bheith ag obair le Coimisiún na Scrúduithe Stáit sa deisceart ar earcú agus coinneáil scrúdaitheoirí Gaeilge. Chomh maith leis sin tá CCEA ag gabháil i dteagmháil le daltaí sa 4ú bliain ag críochnú céim teagasc Lán-Ghaeilge lena gcuid sonraí a réamh-chlárú mar scrúdaitheoirí. Tá feachtas earcaíochta faoi lán seoil maidir le sraith scrúduithe an tsamhraidh 2014.

Aithníonn an tAire Oideachais go bhfuil bearna i bhforbairt straitéiseach an tsoláthair iar-bhunscoile Gaeilge sa tuaisceart faoi láthair.

Le dul i ngleic leis an bhearna seo, bhunaigh an tAire Oideachais Grúpa Comhairleach leis an cheist seo a mheas agus chun comhairle a thabhairt dó maidir le roghanna don bhealach chun tosaigh. Tá an tAire i ndiaidh a thabhairt de chúram ar an Ghrúpa Comhairleach chun breathnú go mion ar an dóigh le hoideachas iar-bhunscoile Gaeilge inmharthana agus inbhuanaithe atá ar ardchaighdeán a sheachadadh, a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaltaí agus dtig le tuismitheoirí muinín a bheith acu as. Thug an grúpa a thuairisc deiridh agus moltaí don Aire ar an 28ú Aibreán 2014.

D'fhreastail an tAire Oideachais ar an chéad chruinniú den Ghrúpa agus ó shin, tháinig an Grúpa le chéile ar 14 ócáid. Bhí cruinnithe fairsing ag an Ghrúpa chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear tuismitheoirí agus ionadaithe Scoile.

### **Bunoiliúna agus breisoiliúna na múinteoirí**

**h. chun bunoiliúint agus oiliúint bhrefise is qá a chur ar fáil do na múinteoirí chun na míreanna a go q atá glactha aq an pháirtí a chur i bhfeidhm;**

### ***Paragraf Uimhir 220, 221, 222***

***Sa tríú tuairisc mheastóireachta, mheas Coiste na Saineolaithe an chúram a bheith comhlíonta i bpáirt agus mhol siad do na húdaráis chun soláthar múinteoirí a fháil chun freastal ar an éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge.***

*Le linn na cuairte tur te tharraing na heagraíochtaí Gaeilge aird Choiste na Saineolaithe ar an eolas go bhfuil an gá atá ann le hoiliúint múinteoirí ina ábhar inní go fóill, go háirithe ag an dara leibhéal. Chomh maith leis sin tá go leor scoileanna a tuairiscíodh laghdú i lón na múinteoirí atá tiomanta do theagasc na Gaeilge ina gcuid scoileanna.*

*Tá sé de thuairim deiridh ag Coiste na Saineolaithe go bhfanann an chúram chomhlíonta i bpáirt. Molann sé de na húdaráis a n-iarrachtaí a neartú le sárú ar an easpa múinteoirí d'ábhair speisialtóireachta san oideachas dara leibhéal.*

### **Freagair an RO**

Á leagan síos na figiúirí iontógáil tosaigh do na Forais Ardoideachais do na blianta acadúla 2013/14 agus 2014/15 chinneadh an RO nach mór áiteanna oiliúna 46 múinteoirí a chur ar leataobh d'earnáil na Gaelscolaíochta.

Tá 8 gcinn de na háiteanna seo sna Cúrsaí TICO Iar-Bhunscoile (4 ag Ollscoil na Banríona agus 4 ag an Ollscoil Uladh). An 38 gcinn atá fágtha tá said sa BOid Bunscoile (18) agus TICO Bunscoileanna (20) an dá cheann acu atá seachadta ag Coláiste Ollscoile Naomh Mhuire.

Cé go bhfuil na figiúirí foriomlána iontógáil OTM a laghdú de 32% ón bhliain 2005/06 Tháinig méadú ar iontógálacha earnáil na Gaelscolaíochta de 109%, ón mbliain 2007/08.

Gach bliain tugann an RO tuairisceán folúntais múinteora chun cuidiú leis an éileamh ar mhúinteoirí. Féachann an toradh faisinéis maidir le lón na bhfolúntas a lónadh ar dháta atá socruithe i mí na Samhna gach bliain, agus cuireann sé sonraí ar na folúntais atá go fóill le lónadh. Ar fud an tuaiscirtní raibh ach phost amháin múinteoreachta buan le lónadh in earnáil na Gaelscolaíochta ag Samhain 2013. Ba phost Príomhoide é seo, in earnáil na bunscoile.

Tá clár tacáíochta cuimsitheach agus leanúnach Gaelscolaíochta i bhfeidhm ag an Chomhairle um Churaclam, Scrúduithe agus Measúnaithe (CCEA) a chuireann acmhainní oideachais ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí.

Faoi Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh caithfidh an RO foirmeacha agus modhanna oriúnacha a sholáthar do theagasc agus staidéar na Gaeilge agus na hUltaise ag céimeanna uile cuí. Cuireadh é seo i gcrích tríd an churaclam leasaithe a structúrú lena éascú do mhúinteoirí agus do scoileanna. Tá maoiniú curtha ar fáil ag an RO le háiseanna agus ábhair trí mheán na Gaeilge agus na hUltaise a thairgeadh do mhúinteoirí/scoileanna.

Bronnadh tuairisc ar an RO chomh maith, dár teideal “Teangacha don Todhchaí – Straitéis Teanga Thuaisceart Éireann” ina bhfuil moltaí do theagasc na Gaeilge agus na hUltaise, agus tá muid ag amharc ar na hacmhainní atá ar fáil le feiceáil cén dóigh is fearr le moltaí na tuairisce a thabhairt chun tosaigh maidir le cúrsaí oideachais.

## Airteagal 10 - Údaráis riarrachán agus seirbhísí poiblí

### Paragraf 1

Laistigh de cheantair riarrachán an Stáit ina dtugann líon na gcónaitheoirí a úsáideann na teangacha réigiúnacha nó mionlaigh údar de na bearta atá sonraithe thíos agus de réir staid gach teanga, gabhann na Páirtithe ar láimh, a mhéad is féidir sin go réasúnta:

a...

iv. chun a chinntiú go bhféadfaidh úsáideoirí teangacha réigiúnacha nó mionlaigh iarratais i scríbhinn nó ó bhéal a chur isteach sna teangacha sin; nó

### *Paragraf Uimhir 226, 227, 228*

*Sa tríú tuairisc mheastóireachta mheas Coiste na Saineolaithe go raibh an chúram chomhlíonta i bpáirt.*

*Níor cuireadh aon eolas ar fáil sa cheathrú tuairisc thréimhsíúil. Dar leis an eolas cuimsitheach curtha ar fáil ag ionadaithe na nGaeilgeoirí chuig Coiste na Saineolaithe, i gcás cumarsáid le ranna rialtais scríofa i nGaeilge fhaigheann freagraí. Ní cosúil, áfach, go bhfuil cur chuige córasach le hiarratais béil i nGaeilge a láimhseáil tugtha isteach ar fud an riarrachán Thuaisceart Éireann, agus dá bhrí sin i bhformhór na gcásanna, níl fiú na caighdeáin íosta a éilíonn an Cód Cúirtéise ar úsáid na Gaeilge agus na hUltaise (féach mír 354 den tríú tuairisc mheastóireachta) á gcomhlíonadh.*

*Tá sé de thuairim deiridh ag Coiste na Saineolaithe mar sin féin, go bhfanann an chúram chomhlíonta i bpáirt.*

**Freagair an RO:**

Éascaíonn an RO custaiméirí ar mhian leo a ngnó a dhéanamh i nGaeilge ó bhéal nó i scríbhinn.

Tá cóip de threoir na Caire ar fáil don fhoireann ar fad i RO agus cuirtear i gcuimhne don fhoireann go rialta faoina n-oibleagáidí faoin Chairt.

D'fhoilsigh an RO polasaí Gaeilge agus treoir don fhoireann lena bhaineann sé i 2009. Leagann an doiciméad polasaí amach na seirbhísí riarracháin a chuireann an RO i nGaeilge agus eolas dóibh siúd ar mhian leo Gaeilge a úsáid conas is féidir leo cumarsáid a dhéanamh leis an RO trí mheán na Gaeilge.

Tá an doiciméad agus beartais treoirlínte scaipthe ar an fhoireann agus tá siad foilsithe ar láithreán gréasáin an RO.

Tá foireann an RO ag obair faoi láthair ar nuashonrúchán ar an pholasaí seo agus is dócha go bhfoilseofar níos déanaí i mbliana é.

**c. chun cead a thabhairt do na húdaráis riarracháin doiciméid i dteanga réigiúnach nó mionlaigh a dhréachtú.**

**Paragraf Uimhir 229, 230, 231**

*Sa triú tuairisc mheastóireachta, d'athbhreithnígh Coiste na Saineolaithe a chonclúidí deireanacha agus mheas an chúram a bheith chomhlíonta i bpáirt de bharr go raibh sé curtha in iúl ag ionadaithe na ranna Thuaisceart Éireann go raibh méadú ar líon agus ar éagsúlacht na foirmeacha a bhí ar fáil, ach gur than sé ina ábhar de rogha aireachta cé mhéad úsáide ar bhaineadh as an Ghaeilge ag ranna ar leith.*

*Níl aon eolas curtha ar fáil sa cheathrú tuairisc thréimhsíúil. Thuairiscigh ionadaithe d'údaráis áitiúla áirithe a le linn na cuairte tur te, go mbaineann siad úsáid an Ghaeilge go rialta. Ach, mar sin féin, tharraing ionadaithe na gcainteoíri aird an Choiste ar an úsáid paisteáil leanúnach na Gaeilge de bhun an chúraim seo.*

*Bhí sé de thuairim deiridh ag Coiste na Saineolaithe, go bhfanann an chúram chomhlíonta i bpáirt.*

**Freagair an RO:**

Is é polasaí an RO go mbíonn cáipéisí comhairliúcháin go léir, lena n-áiritear foirmeacha freagartha, go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla agus tá siad san áireamh ar láithreán gréasáin an RO. Eisítear preasráitis i mBéarla agus i nGaeilge le haghaidh imeachtaí a bhaineann le saincheisteanna Gaeilge nó leis an

Ghaeloideachas agus tá siad ar fáil chomh maith ar láithreán gréasáin an RO. Tá plean gnó an RO ar fáil i nGaeilge chomh maith leis an Bhéarla agus foilsítear sa dá theanga ar láithreán gréasáin an RO é. Táirgeann an RO, go réamhghnionmhach, aistriúcháin doiciméid eile nuair a bhíonn baint ábharach ar leith leo, an chosúlacht ann go léifear agus go n-úsáidfear go ginearálta iad, nó gur dócha go ndéanfadh siad cothabháil agus cosaint na Gaeilge a chur chun cinn.

#### **Caibidil 4 Tortháí Choiste na Saineolaithe sa cheathrú timthriall monatóireachta**

*G. Maidir le staid na Gaeilge, tá go leor de na deacrachtaí a bhí le sonrú sa bhabhta deireanach monatóireachta, a mhaireann ar fad. The bac curtha le hobair an Choiste de dheasca easpa eolais ó na húdaráis, ach is cosúil go fiú i réimse an oideachais, gur beag atá déanta le cur i bhfeidhm moltaí an athbhreithnithe ar oideachas trí mheán na Gaeilge dá dtagraítear sa bhabhta monatóireachta roimhe sin. I réimse an riarracháin, tá cuma míshásúil ar an soláthar ina n-ionnláine agus tá sé deacair a mheas mar gheall ar an easpa eolais atá curtha ar fáil. Tá fadhbanna a bhaineann le húsáid na Gaeilge i dTionól Thuaisceart Éireann. Sna meáin, cé go bhfuil maoiniú an Chiste Craoltóireachta Gaeilge go fóill éiginnte, tá feabhas suntasach tagtha ar infhaighteacht craoltóireachta teilihise Gaeilge i dTuaisceart Éireann de thairbhe an comhoibriú le TG4.*

*Leanann na deacrachtaí rialála de bheith ag cur isteach ar infhaighteacht níos leithne craoltóireachta raidió Gaeilge. Níl aon nuachtán Gaeilge á fhoilsiú i dTuaisceart Éireann.*

#### **Freagair an RO:**

Ba é cuspóir an athbhreithnithe a chinntíú go bhfuil tacaíocht ionlán, cuí don Ghaelscolaíocht mar bhunchuid den chóras oideachais agus go gcuireann sí le tógáil todhchaí roinnte dár saoránaigh uile bunaithe ar chothromálocht.

Tá tromlach na moltaí a bhí mar chuid den Athbhreithniú curtha i bhfeidhm, ina ionnláine nó go substaintiúil. Is é an staid reatha, ón 24 moltaí, go bhfuil 15 curtha i bhfeidhm, agus seacht gcinn eile ag léiriú dul chun cinn substaintiúil.

Níl ach dhá mholtaí nach bhfuil dul chun cinn suntasach déanta orthu. Baineann siad seo le forbairt an bhunoideachas trí Ghaeilge, trí mhúnla cónasctha. Le himeacht aimsire bhí oideoirí in ann dea-chleachtas a fhorbairt agus a roinnt ar fud an t-soláthair bhunoideachas Ghaeilge trí structúir nach raibh chomh foirmeálta leis an mhúnla cónasctha mar a shamhláodh san athbhreithniú ar an chéaduair. Tá rath

ar an chur chuige seo maidir le cuspóir an athbhreithnithe le bunoideachas lánghaeilge inmharthana a chruthú agus a chothabháil.

Tá feidhmiú leanúnach na moltaí ag cur go mór i gcónaí le rathúlacht agus le beogacht earnáil na Gaelscolaíochta, ag céimeanna réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile.

Cuireadh athbhreithniú neamhspleách ar an Scéim Choiteann Mhaoinithe, a chinneann an dóigh le cistí a leithdháileadh ar scoileanna, i gcrích in 2013. Indiaidh comhairliúchán poiblí, chinn an tAire Oideachais ar roinnt athruithe a dhéanamh ar an Scéim.

Ina measc seo tá méadú ar an fhachtóir Tacaíocht Churaclaim Gaeloideachais d'iarbhunscoileanna agus d'Aonaid ó 0.014 go 0.2 den Aonad Delta Aois luach ualaithe airgid le héifeacht ón bhliain airgeadais 2014-15.

Le linn an phróisis chomhairliúcháin, rinneadh pointí mar gheall ar an ghá atá le méadú ar thacaíocht chun cuidiú le Iar-bhunscoileanna Lán-Ghaeilge agus le hAonaid an Churaclaim a sheachadadh.

Tá polasaí churaclaim an RO ag an leibhéal iar-bhunscoile le tacaíocht ón Chreat Teidlíochta (CT), ag chur chun cinn an iliomad bealaí chun staidéir bréise, oiliúint nó fostaiocht a dhéanamh trí chur ar chumas daltaí teacht ar réimse leathan ábhar laistigh de réimse an phobail foghlama.

Níl an cumas céanna ag an CT chun freastal ar dhaltaí i suímh nGaelscoileanna agus atá acu freastail orthu siúd i suímh an Bhéarla agus, dá bhri sin, bionn dúshlán níos mó ag na hIar-Bhunscoileanna Lán-Ghaeilgei seachadadh ar réimse leathan de chúrsaí. Níl go leor maoiniú ar fáil le soláthar a dhéanamh ar na hábhair teagaisc is gá leis an churaclaim a mhúineadh. Mar aitheantas go bhfuil dúshlán ilghnéitheach roimh na scoileanna seo, chinn an tAire, cé go bhfuil na tosca uile tacaíochta Lán-Ghaeilge eile le fanacht díreach mar atá siad faoi láthair, go mbeidh an tacaíocht churaclaim do na hIar-bhunscoileanna Gaeilge le méadú chun cuidiú le haonaid freastal ar riachtanais a gcuid daltaí.

*I. Tá ganntanas Ultaise go fóill sa saol poiblí. Mar sin féin, thug an Ghníomhaireacht Ultach-Albanach bearta leis an ghlacadh agus le húsáid na hUltaise a leathnú amach sa saol laethúil. Tá gá le múinteoirí cáilithe le go mbeifear in ann an Ultais a athbheochan sa tsochaí phríomhshrutha. Bunaíodh Ciste Craolacháin nua don Albainis Uladh i 2010.*

**Freagair an RO:**

Faoin Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh caithfidh an RO foirmeacha agus modhanna oriúinacha a sholáthar do theagasc agus staidéar na

Gaeilge agus na hUltaise ag céimeanna uile cuí. Cuireadh é seo i gcrích tríd an churaclam leasaithe a structúrú lena éascú do mhúinteoirí agus do scoileanna. Tá maoiniú curtha ar fáil ag an RO le háiseanna agus ábhair trí mheán na Gaeilge agus na hUltaise a thairgeadh do mhúinteoirí/scoileanna.

Bronnadh tuairisc ar an RO chomh maith, dár teideal “Teangacha don Todhchaí – Straitéis Teanga Thuaisceart Éireann” ina bhfuil moltaí do theagasc na Gaeilge agus na hUltaise, agus tá muid ag amharc ar na hacmhainní atá ar fáil le feiceáil cén dóigh is fearr le moltaí na tuairisce a thabhairt chun tosaigh maidir le cúrsaí oideachais.

**B. Moladh ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le cur i bhfeidhm na Cairte ag an Ríocht Aontaithe**

***4. an tacáiocht a neartú leis an obair atá déanta ag an Ghniomhaireacht Ultach-Albanach agus bearta a ghlacadh le múineadh na hUltaise a bhunú;***

**Freagair an RO:**

Faoin Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh caithfidh an RO foirmeacha agus modhanna oriúnacha a sholáthar do theagasc agus staidéar na Gaeilge agus na hUltaise ag céimeanna uile cuí. Cuireadh é seo i gcrích tríd an churaclam leasaithe a structúrú lena éascú do mhúinteoirí agus do scoileanna. Tá maoiniú curtha ar fáil ag an RO le háiseanna agus ábhair trí mheán na Gaeilge agus na hUltaise a thairgeadh do mhúinteoirí/scoileanna.

Bronnadh tuairisc ar an RO chomh maith, dár teideal “Teangacha don Todhchaí – Straitéis Teanga Thuaisceart Éireann” ina bhfuil moltaí do theagasc na Gaeilge agus na hUltaise, agus tá muid ag amharc ar na hacmhainní atá ar fáil le feiceáil cén dóigh is fearr le moltaí na tuairisce a thabhairt chun tosaigh maidir le cúrsaí oideachais.